**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 8(5) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 72(6) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 5 Iúil 2023 — Amazon Services Europe v an Coimisiún

## (Cás T-367/23)

(2023/C 296/46)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Amazon Services Europe Sàrl (Lucsamburg, Lucsamburg) (ionadaithe: A. Conrad, M. Frank, R. Spanó agus I. Ioannidis, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 25 Aibreán 2023 lena n-ainmnítear Amazon Store mar ardán an-mhór ar líne, i gcomhréir le hAirteagal 33(4) de Rialachán (AE) 2022/2065 [1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (C(2023) 2746 final), a neamhniú;

— de rogha air sin, an cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 25 Aibreán 2023 lena n-ainmnítear Amazon Store mar ardán an-mhór ar líne, i gcomhréir le hAirteagal 33(4) de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (C(2023) 2746 final), a mhéid a fhorchuirtear ar Amazon an oibleagáid rogha a thabhairt d'úsáideoirí le haghaidh gach córais mholtóra nach bhfuil bunaithe ar phróifíliú faoi Airteagal 38, agus an dearbhú maidir le neamh-infheidhmeacht Airteagal 38 de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (C(2023) 2746 final) a neamhniú;

— thairis sin, nó de rogha air sin, an Cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 25 Aibreán 2023 lena n-ainmnítear Amazon Store mar ardán an-mhór ar líne, i gcomhréir le hAirteagal 33(4) de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (C(2023) 2746 final), a mhéid a fhorchuirtear oibleagáid leis ar Amazon stór fógraíochta a thiomsú agus a chur ar fáil go poiblí faoi Airteagal 39, agus an dearbhú maidir le neamh-infheidhmeacht Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (C(2023) 2746 final) a neamhniú; agus,

— a ordú don Choimisiún Eorpach costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, ardaíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil an t-ainmniú mar ardán an-mhór ar líne, i gcomhréir le hAirteagal 33(4) de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (C(2023) 2746 final), bunaithe ar chritéar idirdhealaitheach agus go sáraítear go díréireach leis sin prionsabal na córa comhionainne agus cearta bunúsacha an iarratasóra.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear le hAirteagal 38 de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (C(2023) 2746 final) prionsabal na córa comhionainne agus cearta bunúsacha an iarratasóra.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear le hAirteagal 39 de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (C(2023) 2746 final) prionsabal na córa comhionainne agus cearta bunúsacha an iarratasóra.

(1) Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO 2022 L 277, lch. 1).

---

**Caingean arna tabhairt an 5 Iúil 2023 – Al-Assad v an Chomhairle**

**(Cás T-370/23)**

(2023/C 296/47)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Samer Kamal Al-Assad (Qardaha, an tSiria) (ionadaí: W. Woll, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/844 (1) lena gcuirtear ainm an iarratasóra le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a chur ar neamhní;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/847 (2) lena gcuirtear ainm an iarratasóra le hIarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES a chur ar neamhní;

— a ordú don Aontas Eorpach na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad shaincheist dlí, lena n-éilítear earráid measúnaithe. Maíonn an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, nár cruthaíodh go leordhóthanach gur le muintir Assad é agus, ar an dara dul síos, nach bhfuil baint aige le haon gháinneáil ar dhrugaí. Ina theannta sin, ardaíonn sé pléadáil neamhdhleathachta i gcoinne Airteagal 27(2)(b) agus Airteagal 28(2)(b) de Chinneadh 2013/255/CBES.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun leighis éifeachtaigh. Braitheann an t-iarratasóir ina leith sin ar an oibleagáid dul ar iontaoibh cúirte chun pionós a ghearradh ar chionta tromchúiseacha agus ar an bhfíoras nach féidir leis an gComhairle pionós a ghearradh air as gáinneáil ar dhrugaí.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear damáiste do chlú an iarratasóra.

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun maoine.

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/844 ón gComhairle an 24 Aibreán 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO 2023 L 109 I, lch. 1).

(2) Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/847 ón gComhairle an 24 Aibreán 2023 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO 2023 L 109 I, lch. 26).